

## Ná léig mo mhealladh, a Mhuire

[David Greene, 'Ná léig mo mhealladh, a Mhuire', *Scottish Gaelic Studies* 9, 105-15]

A hUghdar so Maol Domhnaigh mac Mhaghnuis Mhuiligh; i leith Muire thuirte so.

1 Ná léig mo mhealladh, a Mhuire,  
a mháthair Ríogh, déanaidh dáil;  
ní fhuil mo chroidhe gan cheannsa,  
cuir, a Mhoire, leamsa láimh.

2 Ar mo théarma má tá fuireach  
ní fada fós bhias gan teacht;  
sul tí mo ré ar iúl éagcóir  
stiúr mé i gcéadóir tréd cheacht.

3 Teach Ifrinn, árus na bpeachtach,  
pian 'na measc ní méanair scéal;  
fear an tighe ar tí mo mheallaidh -  
bí im chridhe is beannaigh mo bhéal.

4 Mé ort ag iarraidh mo mhúinte,  
a mháthair Ríogh, a ghruaidh mar ghrís . . .

5 Is eagal liom lá na hagra,  
a inghean Anna an fhoilt tais;  
i n-aghaidh Dé ní fhoil aighneas,  
goir mé óm aimhleas ar m'ais.

6 Ná léig ceart do chor fám anmain,  
abair nách cóir is cóir lat;  
ó tá fearg Dhé ris gach duine,  
ná hearb mé, a Mhuire, réd Mhac.

7 Tagra cáich gan chead a mháthar  
do Mhac Mhuire gá fearr (geis)?  
Do-ní glan duine ar n-a dhamnadh  
dá rabh Muire ag labhradh leis.

8 Is í caisléan do chloinn Éabha  
ar fheirg Íosa i n-uair an Bhráith,  
a mháthair is í ar n-adhbha,  
is í ar láthair chabhra cáich.

9 Biaidh sí ar ar leath Lá na Coinne  
gar gcosnamh go cian ní bhia -  
ar sleagh cé do bhí 'na bhánucht -  
bean do-ní dánucht ar Dhia!

10 Taom dána, dleaghair a chumhdach,

fan cóir creideamh dá cígh cáidh  
is aithnid damh ón Óigh uasail;  
cóir a char i gcluasaibh cáigh.

11 Fear roimhe agá raibh deirbhshiúr,  
do dhearbh a leabhraibh lucht fis,  
do bhí an ní uile ar a aonghuth  
is í ag luighe i gcaomhthach a chnis.

12 Gidh bé do bhiadh agá theagasc,  
níor thairbhe dhó, doirbh an stair,  
níor chuir ria bheó uadh an n-inghin;  
truagh an ceó do imthigh air.

13 Do smuain an fear, fuar an t-inntleacht,  
ar eagal diomdha Dhé bhí  
páirt ré máthair Dhé gur dhéanta  
gur ghnáthaigh sé déarca dhí.

14 Cion ria dheirbhshiair de dhruim uabhair  
gach uair do-níodh, fa nós bras,  
do-rad anóir uair san afráil;  
fuair ón Bhanóigh athbháidh as.

15 An tráth do-chuaidh dá chorp dhaonna  
díoth beathadh do bhí 'na ghair,  
bheith 'na ghiall dó ag an diabhal -  
cró na bpian do hiadhadh air.

16 Lúisiféar níor lámhair a fhostódh  
i nIfreann is é ar n-a dhrud;  
fear ina dhuine uair éigin  
Muire uaidh a-réigin do rug.

17 An t-anam is í do cheartaigh  
sa chorp chéadna do chleacht sé;  
Síol Ádhaimh is í do fhuascail,  
do cháraigh sí an uarsain é.

18 Fuair a-rís ó inghin Anna  
d'éis a bháis, mar bhraittear dún,  
fear an chuil a ré (riompa)  
gur chuir sé a chionta ar gcúl.

19 Níor glacadh ris acht réim naomhtha,  
do ní ar thalamh ní thug spéis;  
do dhíol iar n-uair a olc roimhe,  
níor smuain olc oile dá éis.

20 Fuair bás, nochar bheag an claochlódh

an chuairt tánaise, (ba treall),  
gé do bhí an fear uair i n-anchás  
fuair neamh i n-athbhás dob fhearr.

21 Fearta mar do fríoth i leabhraibh  
luach a dhéirce - dia do bhail -  
tug ria taobh i dtoigh na glóire,  
ag sin taom na hÓighe air.

22 Ag déanamh uilc ó aois leanaibh  
go Lá an Bhrátha dá mbeith an chlí,  
Muire as a láimh nocha léigfe  
duine ar ndáil a dhéirce dhí.

23 Mar do léigfeadh lá dá éigin  
m'anam ré bás mar bhláth slat,  
gé tú riamh is cealg im chroidhe,  
do bhiadh fearg Mhoire ria Mac.

24 Saoilim féin go bhfuighbheam cabhair  
cosc a fheirge madh áil lé;  
gé tá Rí an chruinne go créachtach  
dob í muime dhéarcach Dhé.

25 Ar mhéad a-tú i n-easbhaidh eólais  
éigin a rádh riot, a rosg mall,  
truagh, a Mhoire, muna mhúine  
sluagh na gcroidhe núidhe a-nall. Ná léig.